Age Friendly
IRELAND
Healthy Age Friendly Homes



# An féidir leat deis duit **Dul in Aois** le **Neamhspleáchas** i do **theach?**

comhairle chontae na mí
*meath county council*

An Roinn Sláinte
Department of Health

HSE

## Maidir leis an gClár um Thithe Sláintiúla atá feiliúnach do Dhaoine Scothaotsa

**Tá sé mar aidhm ag an gClár um Thithe Sláintiúla atá feiliúnach do Dhaoine Scothaotsa tacú le daoine scothaosta maireachtáil ina dteach féin le dínit agus neamhspleáchas chomh fada agus is féidir. Is é uaillmhian an chláir a chur ar chumas gach duine saol níos sláintiúla a chaitheamh trí acmhainní cúraim a choinneáil gar don bhaile agus raon na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta sa phobal a leathnú. Baineann sé le réimse roghanna malartacha a chur ar fáil do dhaoine scothaosta a d'fhéadfadh aistriú go cúram cónaithe fadtéarmach roimh am murach sin.**


**Chun é seo a dhéanamh, cheapamar Comhordaitheoir maidir le Tithe Sláintiúla atá feiliúnach do Dhaoine Scothaosta i ngach Údarás Áitiúil. Déanfaidh gach comhordaitheoir pacáiste tacaíochta a bhainistiú do gach duine a tharchuirtear, ag nascadh na dtacaíochtaí ó réimse na ngníomhaireachtaí poiblí, deonacha, príobháideacha agus pobail sa cheantar.**

**Déanfaidh an comhordaitheoir measúnú baile-bhunaithe agus, i gcomhar leis an duine scothaosta, déanfaidh sé réimse tacaíochtaí a aithint agus a dhearadh chun cur ar chumas an duine scothaosta leanúint ar aghaidh ag maireachtáil go neamhspleách.**

**Tá an clár 'Tithe Sláintiúla atá feiliúnach do Dhaoine Scothaosta' ar fáil i ngach ceantar de chuid na nÚdarás Áitiúil.**

## 4 Phríomhchuspóirí

1. **A chur ar chumas daoine scothaosta leanúint de bheith ina gcónaí ina a dtithe nó i dteach atá níos feilúnaí dá riachtanais**
2. **Maireachtáil le neamhspleáchas**
3. **Bheith páirteach sa Chomhphobal agus braisting go bhfuil siad páirteach ann**
4. **Tacú le ligean isteach luath nó róluath i gcúram cónaithe fadtéarmach a sheachaint**



## Cad iad na buntáistí a bhaineann leat?

- Déanfaidh an Comhordaitheoir maidir le Tithe Sláintiúla atá feiliúnach do Dhaoine Scothaosta measúnú riachtanas chun a fháil amach cad iad na tacaíochtaí atá ag teastáil chun go mbeidh tú in ann leanúint de bheith ag maireachtáil go neamhspleách i do theach féin ar feadh tréimhse níos faide

- Forbrófar plean tacaíochta duinelárnach tar éis an mheasúnaithe

- Is féidir eolas a chur ar fáil maidir le d'áit chónaithe reatha a oiriúnú agus maidir leis na deontais ábhartha atá ar fáil chun tacú leat na hathruithe sin a dhéanamh, ag díriú ar dhearadh uilíoch agus ar éifeachtúlacht fuinnimh. Is féidir leis an gComhordaitheoir maidir le Tithe Sláintiúla atá feiliúnach do Dhaoine Scothaosta eolas a chur ar fáil duit maidir le méid ceart laistigh de do phobal/chontae/cathair de réir mar is cuí.

- Is féidir leis an gcomhordaitheoir rochtain a thabhairt duit ar réimse tacaíochtaí tithíochta, sláinte agus cúraim shóisialta chun cabhrú leat cinneadh a dhéanamh ar an méid is gá chun go mbeidh tú in ann an saol is fearr is mian leat a chaitheamh i do phobal.

## Aoischairde Éireann | Feidhm Seirbhíse Comhroinnte an Rialtais Áitiúil

Baineann an Comhsheirbhís atá feiliúnach do Dhaoine Scothaosta le cur chuige ilghníomhaireachta, ilearnálach maidir le pleanáil agus soláthar seirbhíse a bhaineann le haois. Cabhraíonn an tseirbhís le cathracha agus contaetha a bheith níos cuimsithí maidir le daoine scothaosta trí aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a léirigh siad agus trí fhreagairtí praiticiúla a thabhairt isteach atá dírithe ar cháilíocht saoil na saoránach uile a fheabhsú. Feidhmíonn Age Friendly Ireland (AFI), feidhm seirbhíse comhroinnte de chuid na n-údarás áitiúil, arna óstáil ag Comhairle Contae na Mí trí líonra náisiúnta de Sheirbhísí atá feiliúnach do Dhaoine Scothaosta i ngach ceantar údaráis áitiúil.

Age Friendly
IRELAND

**Más mian leat cuairt ó do chomhordaitheoir áitiúil a eagrú, déan teagmháil lenár n-oifig náisiúnta.**

## Oifig Náisiúnta

**046 924 8899**

**healthyagefriendlyhomes@meathcoco.ie**

**www.agefriendlyireland.ie**

